



Gaelscoil na Mara

Doras Feasa Fiafraí

Uimhir Rolla: 20530R

Baile Uisce
Domhnach Bat
Co Átha Cliath
K36 WT02

28/01/2025

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Tá clár sláinte scoile FSS mar chuid de chlár uilíoch saor in aisce na hÉireann um chúram cliniúil do gach leanbh.

Áirítear leis:

- scagadh ar radharc na súl agus ar éisteacht
- vacsaíní
- seiceálacha fioclóireachta

D'éascaigh Gaelscoil na Mara an clár ar feadh roinnt blianta trí:

- fhoirmeacha toilithe a dháileadh le haghaidh rannpháirtíochta
- úsáid áitreabh na scoile ag foireann FSS

Reachtaíocht nua

Tá dualgais ar gach scoil faoin RGCS (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

Mar chuid de seo, ba mhaith liom nuashonrú a rinneadh ar an reachtaíocht le déanaí a roinnt leat. Baineann an nuashonrú sin le sonraí daltaí a roinnt le FSS. Tá dhá rialachán reachtúla nua sínithe ag an Aire Sláinte.

Is iad sin:

1. Na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha (Leasú) (Uimh. 3), 2024
2. Na Rialacháin Sláinte (Faisnéis a Sholáthar don tSeirbhís Scrúdaithe agus Cóireála Sláinte), 2024

Iarratas ar fhaisnéis chuig an scoil

Déanfaidh foireann sláinte scoile de chuid FSS teagmháil leis an scoil nuair atá na cuairteanna a bpleanáil. Iarrfaidh siad faisnéis faoi leanaí atá incháilithe don chlár.

Faoi na rialacháin, ní mór don scoil an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil:

- ainm, seoladh, dáta breithe agus gnéas an dalta
- sloinne breithe na máthar



01 843 5197



oifig@gaelscoilnamara.ie



www.gaelscoilnamara.ie



Gaelscoil na Mara

Doras Feasa Fiafraí

Uimhir Rolla: 20530R

Baile Uisce
Domhnach Bat
Co Átha Cliath
K36 WT02

- sonraí teagmhála (lena n-áirítear ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist a dtuismitheora/gcaomhnóra)
- UPSP an dalta (más ann dó)
- ainm na scoile a bhfreastalaíonn an dalta uirthi agus uimhir rolla na scoile

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar an scoil seo na sonraí a chur ar fáil do FSS laistigh de 10 lá ó iarratas uathu.

An chúis a bhfuil an fhaisnéis ag teastáil

Úsáideann an t-altra na sonraí sin chun foirmeacha toilithe agus aon eolas ábhartha eile a sheoladh chuig an scoil. Cuidíonn na sonraí freisin lena chinntiú go sroicheann an clár an oiread leanaí agus is féidir. Ligeann sé don altra obair leantach a dhéanamh le teaghlach nach gcuireann an fhoirm toilithe ar ais, ag cur eolas breise ar fáil chun a chinntiú nach bhfágfar leanaí amach as an tseirbhís.

Beidh an rogha agat i gcónaí toiliú go nglacfadh do leanbh páirt sna seirbhísí a chuireann an clár ar fáil.

Tá nóta ó FSS chuig tuismitheoirí/caomhnóirí ceangailte agam. Tabharfaidh sé seo tuilleadh eolais duit faoin gclár sláinte scoile.

Is mise, le meas,

Orflaith Ní Mhaicín
Príomhoide



01 843 5197



oifig@gaelscoilnamara.ie



www.gaelscoilnamara.ie



Eolas faoi chlár sláinte scoile FSS

Is clár uilíoch na hÉireann um chúram cliniciúil do gach leanbh é an Clár Náisiúnta Óige Sláintiúla de chuid FSS. Tá an tseirbhís saor in aisce do gach leanbh in Éirinn.

Cabhraíonn an clár chun:

- na torthaí is fearr a chruthú do leanaí
- bunchloch na sláinte le linn a saoil a thógáil

Cuirimid gnáth-idirghabhálacha sláinte ar fáil do leanaí. Tá sé mar aidhm leis sin cabhrú le leanaí a bheith folláin agus iad siúd a bhféadfadh idirghabháil luath nó tacaíocht eile de dhíth orthu a aithint.

Gné lárnach den tseirbhís sin is ea an clár sláinte scoile i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

An méid atá san áireamh ann

San áireamh sa chlár sláinte scoile tá:

- scagadh ar radharc na súl agus ar éisteacht
- vacsaíní
- an clár fiacloireachta scoile

Cathain a tharlaíonn sé

De ghnáth cuirtear scagthástáil agus vacsaíní ar fáil sna naíonáin bheaga. (I Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall, is é do dhochtúir teaghlaigh a thugann na vacsaíní).

Cuirtear vacsaíní breise ar fáil freisin sa chéad bhliain den iar-bhunscoil.

Cuireann an clár fiacloireachta scoile scrúdú fiacloireachta ar fáil do leanaí i ranganna áirithe sa bhunscoil faoi láthair.

Conas a oibríonn sé

Déanfaidh foireann sláinte scoile de chuid FSS teagmháil leis an scoil nuair atá na cuairteanna a bpleanáil. Iarrfaidh siad faisnéis faoi leanaí atá incháilithe don chlár.

An fhaisnéis a theastaíonn

De réir dlí, iarrfar ar scoileanna an fhaisnéis seo a leanas a roinnt leis an FSS:

- ainm, seoladh, dáta breithe agus gnéas do linbh
- sloinne breithe na máthar
- Sonraí teagmhála do thuismitheoir/chaomhnóir (lena n-áirítear ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist)
- uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PSP) an linbh, más ann dó
- ainm agus uimhir rolla na scoile

Tugann an fhaisnéis sin deis d'altraí sláinte poiblí scoile a gcuart ar an scoil a phleanáil. Is féidir leo obair leantach a dhéanamh freisin le teaghlaigh nach dtugann foirmeacha toilithe ar

ais, ag cur tacaíocht agus eolas breise ar fáil chun a chinntiú nach bhfágтар leanaí ar lár. Cuidíonn sé sin lena chinntiú go sroicheann an clár an oiread leanaí agus is féidir.

Foirmeacha faisnéise agus toilithe

Cuirfidh an fhoireann sláinte scoile eolas ar fáil faoi scagthástáil agus cuairteanna vacsaíne. Tabharfaidh siad amach foirm thoilithe roimh aon chuairteanna. De ghnáth iompróidh do leanbh iad sin abhaile ina m(h)ála scoile.

Nuair a fhaigheann tú na doiciméid:

1. léigh an t-eolas
2. Comhlánaigh an fhoirm thoilithe – fiafróidh siad sin de ghnáth an dtugann nó nach dtugann tú toiliú
3. Cuir an fhoirm thoilithe ar ais chuig an scoil – Cuir ar ais í, le do thoil, beag beann ar an rogha thoilithe a rinne tú

Seiceálfaidh foireann na scoile na foirmeacha toilithe. Rachaidh siad i dteagmháil leat má tá aon cheisteanna acu.

Molaimid go láidir go mbainfeadh gach leanbh leas as na seirbhísí a chuireann an clár sláinte scoile ar fáil. Tá sé de rogha ag tuismitheoirí agus caomhnóirí toiliú leis na seirbhísí seo nó gan toiliú leo.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár sláinte scoile, cliceáil [anseo](https://anseo.ie).



mychild.ie